

## Baile Ghib

### 1.0 Comhthéacs agus Nádúr an tSráidbhaile

Tá Baile Ghib lonnaithe i lár Chontae na Mí agus is é ceann den dá cheantar Gaeltachta sa Chontae é. Ráth Chairn an ceann eile. Tá Baile Ghib lonnaithe ar an R163 (bóthar réigiúnach Bhaile Shláine/Cheannannais) thart ar 7km ar an taobh thiar thuaidh den Uaimh.

Ainmníodh Baile Ghib as Diméin Bhaile Ghib. Bhí an diméin comhdhéanta de Theach Bhaile Ghib, a tógadh i 1871, clós feirme agus na tailte a bhain léi, garraí daingean, foirgnimh feirme agus teach geata ina measc. Forbraíodh an sráidbhaile le taobh na diméine sna 1930idí nuair a bunaíodh an Ghaeltacht. Leagadh Teach Bhaile Ghib i 1965 ach fágadh an garraí daingean agus roinnt bealaí isteach chuig an diméin. Tá bealach isteach foirmiúil ar an taobh thiar di agus mionbhealach isteach ar an taobh thoir, le taobh an áit thionsclaíoch atá anois ann. Tá fothrach an tí gheata, ar bealach isteach eile chuig an eastát, lonnaithe os comhair na scoile.

Tá trí cheantar sa sráidbhaile a bhfuil saintréithe ar leithligh ag gach ceann díobh: an Bealach Isteach Stairiúil chuig Diméin Bhaile Ghib; an Scoil agus an Cnuasach Cónaitheacha agus Foirgnimh Feirme/áit fostaíochta Dhiméin Bhaile Ghib.

Osclaíodh iarnród idir an Uaimh agus Dún an Rí, ar an taobh thoir den sráidbhaile, sna 1870idí agus úsáideadh é mar thraein lastais go dtí na 1960idí. Tá sé beartaithe é a bheith mar chuid de Ghlasbhealach na hUaimhe-Dhún an Rí anois.

<b>Áit san Ordlaithas lonnaíochta</b>	Príomh-Shráidbhaile – Lárionad Áitiúil le haghaidh seirbhísí agus forbairt fiontair áitiúil		
<b>Daonra Bunaithe ar Logeolaire</b>	2011	2016	% Athrú
	<b>Daonáireamh 2011 -</b> Daonra 93 Duine	<b>Daonáireamh 2016 -</b> Daonra 142	<b>Ardú Daonra</b> 52%
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	20 aonad		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	0		
<b>Soláthar Tithíochta Foriomlán</b>	30		
<b>Áiseanna Oideachais</b>	Tá Bunscoil Ultain Naofa lonnaithe i lár an tsráidbhaile.		
<b>Áiseanna Pobail</b>	Halla Pobail (Halla Bhaile Ghib), Club Peile agus Iománaíochta Wolfe Tone agus Tailte CLG. Páirc Imeartha CLG Wolfe Tone agus halla pobail. Tá Eaglais C.R. Bhaile Órthaí lonnaithe ar an taobh thiar den sráidbhaile, lasmuigh den teorainn forbartha.		
<b>Limistéir Chaomhantais Ailtireachta</b>	Ceann ar bith		

<b>Déanmhais Chosanta</b>	Tá trí dhéanmhas cosanta uimh. suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile RPS Uimh. MH017-138 - Eastát Bhaile Ghib - Gné chiorclach ag an mbealach isteach, RPS Uimh. MH017-143 - Diméin Bhaile Ghib – Teach Brící Dearga c.1889 RPS Uimh. MH018-100 - Clós Feirme Bhaile Ghib; foirgnimh chloiche agus brící Níl aon láithreán Seandálaíochta, gnéithe ná déantúsáin liostaithe mar Shéadchomharthaí Taifeadta laistigh de theorainn an tsráidbhaile
<b>Seirbhísí</b>	Dramhuisce: Níl aon aonad cóireála fuíolluisce poiblí i mBaile Ghib. Is srian mór é sin ar fhorbairt amach anseo.  Tagann an soláthar uisce ón bpríomhlíonra uisce ar chraobh ó Líonra Soláthair Uisce na hUaimhe - Toilleadh ar Fáil.
<b>Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte</b>	Líon Criosanna Tuile Lasmuigh A agus B. Beartais Bainistiú Priacal Tuile mar a leagtar amach in Eagrán 1 den CDP a chur i bhfeidhm.
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Líon Tá an Abhainn Dubh thart ar 1.6km ar an taobh thiar theas den sráidbhaile. Tá an abhainn seo mar chuid de SAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus den Líonra SPA Natura 2000 atá ar fud an chontae. Téann roinnt sruthán áitiúil atá gar don sráidbhaile isteach san Abhainn Dubh.
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Tá crios acmhainneachta seandálaíochta gar don sráidbhaile.

## 2.0 Fís

D'fhonn oidhreacht teanga agus chultúrtha Gaeltacht Bhaile Ghib a chur chun cinn agus chun a féiniúlacht fhisiciúil agus a ómós áite a shainmhíniú trí bhíthin gnéithe tráchtála agus cónaitheacha i lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus a threisiú, tógáil ar oidhreacht fhisiciúil Dhiméin Bhaile Ghib, as a n-ainmnítear an sráidbhaile, ar bhealach a chuirfidh feabhas ar a idirdhealaitheacht teanga agus chultúrtha, fad a dhéanfar soláthar don fhorbairt lena dtabharfar deis Baile Ghib a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, i mbun fóillíochta ann agus ag tabhairt cuairte air, fad a léireofar a idirdhealaitheacht mar Ghaeltacht.

## 3.0 Deiseanna

Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar na bealaí isteach chuig an sráidbhaile, rud a chuirfeadh feabhas ar fhéiniúlacht Bhaile Ghib do na chónaitheoirí. Tá acmhainneacht ann freisin d'úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta nua agus chun lár tráchtála an tsráidbhaile a chomhdhlúthú ag an taobh thoir den sráidbhaile, lena mbainfeadh athúsáid a bhaint as na struchtúir feirme stairiúla, seans, agus an scoil agus an cnuasach cónaitheach a chomhdhlúthú i lár an tsráidbhaile mar áit d'fhorbairt chónaitheach inlíonta. Tá acmhainneacht san ascaill stairiúil isteach chuig Teach Bhaile Ghib chun bealach taitneamhachta a chruthú a cheanglódh leis na taitneamhachtaí áitiúla. Sa bhreis air sin, cuireann Fóram Forbartha Eacnamaíochta Ghaeltacht na Mí stádas eacnamaíochta speisialta

Bhaile Ghib chun cinn agus tá mar aidhm leis tacú le bearta chun fás eacnamaíochta sa sráidbhaile a bhrú chun cinn.

## 4.0 Straitéis Talamhúsáide

D'fhonn soláthar na físe do Bhaile Ghib a éascú, moltar straitéis don sráidbhaile. Tá cúpla príomhghné comhlántach leis an Straitéis; ómós áite a fhorbairt trí bhíthin an oidhreacht teanga agus fhisiciúil a chur chun cinn; na bealaí saintréitheacha isteach chuig an sráidbhaile a fheabhsú, lena chur in iúl do dhaoine go bhfuil ceann scríbe bainte amach acu; chun cur le ríocht phoiblí an tsráidbhaile, a chinntiú go mbeidh forbairt nua ag teacht le fothracha na diméine stairiúla agus go gcuirfear athúsáid agus oiriúnú inbhuanaithe na struchtúr stairiúil chun cinn.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá an sráidbhaile comhdhéanta de na teachíní stairiúla a bhain le diméin Bhaile Ghib agus de thithe scoite i stíleanna éagsúla teaghaisí, lena n-áirítear struchtúr aon urlár agus dhá urlár, le struchtúir feirme agus tráchtála ar chúl.

Tacaíonn an plean seo tabhairt chun críche an eastáit reatha neamhchríochnaithe, forbairt ar áiteanna cónaitheacha inlíonta agus cuirtear chun cinn athchóiriú na bhfoirgneamh feirme stairiúla, chuig a bhaineann leis an turasóireacht ar an taobh thoir theas den sráidbhaile.

Beidh ar chónaitheoirí nua iad féin a lánpháirtiú leis an gcultúr ina labhraítear Gaeilge chun cosaint na teanga agus an chultúir sa cheantar a chinntiú. Beidh mar riachtanas ag an gComhairle go ndéanfar 'Staidéar Tionchar Teanga' sula mbreithneofar aon iarratas ar thithíocht (forbairtí tithíochta aonair agus iolracha) sa cheantar. (Féach cuspóirí thíos chun tuilleadh eolais a fháil).

Breithneofar forbairt úsáid measctha nuálach freisin a bhainfeadh leis na foirgnimh feirme atá ann cheana a bhíodh mar chuid den diméin, sa chás go mbeadh san áireamh inti moltaí chun úsáid inbhuanaithe a chruthú do na struchtúir stairiúla, tarraingteacha seo.

### 4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Aithnítear Baile Ghib mar Lárionad Miondíola Leibhéal 5 i Straitéis Miondíola an Chontae. Tá raon beag seirbhísí miondíola ann, eadhon siopa amháin, agus tá deiseanna ann d'fhostaíocht áitiúil sa sráidbhaile ach tá siad teoranta don Aonad Tionsclaíoch Seirbhísí Dearaidh Innealtóireachta agus do Adtec Aerauto Ltd. Aithníodh ceantar breise le taobh na ngnóthaí sin don cuspóir criosaithe talamhúsáide E2 'Fostaíocht agus Fiontar Ginearálta'. Déanfar soláthar d'fhorbairt thionsclaíoch chomhdhlúite leis sin. Déantar úsáidí tráchtála agus fiontraíochta eile a chur chun cinn freisin i bhfoirm na forbartha úsáid measctha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na foirgnimh feirme atá ann cheana féin, agus a chabhródh le húsáid mheasctha níos inbhuanaithe sa sráidbhaile a bhaint amach. Mar ar tugadh ar aird roimhe seo, déanann Fóram Forbartha Eacnamaíochta Ghaeltacht na Mí stádas eacnamaíochta speisialta Bhaile Ghib a chur chun cinn agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú le bearta ar aidhm leo fás eacnamaíochta sa sráidbhaile a bhrú chun cinn.

### 4.3 Bonneagar

Níl aon mholtaí ann maidir le haonad cóireála fuíolluisce poiblí a shuiteáil i mBaile Ghib. Faightear an soláthar uisce trí phríomhlíonra uisce poiblí ó Líonra Soláthair Uisce na hUaimhe. Tá srian ar an toilleadh i nasc an phríomhlíonra uisce ón Uaimh go dtí Baile Ghib. Níl aon mholtaí ann faoi láthair maidir le méid an phríomhlíonra uisce a mhéadú chun an srian sin a mhaolú.

## 4.4 Gluaiseacht

Forbraíodh sráidbhaile Bhaile Ghib ar feadh bhóthar réigiúnach Bhaile Shláine / Ceanannais. Ní aon chosáin ná soilse sráide ar feadh na príomhshráide, agus mar sin, braitheann an pobal ar charranna.

Leis an bplean seo, cuirfear modhanna iompair inbhuanaithe chun cinn, amhail siúl agus rothaíocht, trí bhíthin cosáin nua a thógáil lena gceanglófar lár an tsráidbhaile agus bealach taitneamhachta do choisithe ar feadh na hascaille stairiúla chuig Diméin Bhaile Ghib.

## 4.5 Oidhreacht Chultúrtha

Nuair a ainmníodh Baile Ghib mar Ghaeltacht sna 1930idí, tháinig daoine ó na Gaeltachtaí i Maigh Eo, i gCiarraí, i nDún na nGall agus i gCorcaigh chun cur fúthu san áit. Tharla an imirce sin mar thoradh ar obair Choimisiún na Talún chun plódú ar feadh Chósta an Atlantaigh a mhaolú. I 1937, chuir 52 theaghlach fúthu i mbaile Bhaile Ghib agus chuir 9 dteaghlach eile fúthu i gCluain an Ghail i 1939. Bhí 373 duine ar an iomlán sa mhéid teaghlach sin. Léirítear oidhreacht chultúrtha an tsráidbhaile sna hainmneacha sráide, ina measc Bóthar Dhún na nGall agus Bóthar Mhaigh Eo, atá lasmuigh de limistéar an phlean. Is dúshlán é féiniúlacht Gaeltachta a chothabháil mar gheall ar mhéid teoranta an phobail, a fhágann gur deacair tacú le soláthar raon leathan seirbhísí i nGaeilge. Mar thoradh air sin, is cleachtas riachtanas é an dátheangachas.

## 4.6 Bonneagar Glas

Tá carachtar oscailte ag Baile Ghib agus tá crainn agus fála scean le taobh na mbóithre. Tá fothracha de limistéir choillearnaigh ann a bhíodh mar chuid den diméin agus a chuireann le carachtar na háite; ag an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ón taobh thiar, ar feadh an bhóthair agus ar chúl na dteaghaisí ar an taobh ó dheas den phríomhshráid. Tá radhairc thaitneamhacha ar feadh an tírdhreacha tuaithe idir na forbairtí éagsúla. Tá cáilíochtaí éagsúla ag na teorainneacha bóithre ar feadh na príomhshráide, ina measc ballaí cloiche stairiúla breátha, ráillí eastáit, fála agus crainn. Níl cóireáil na dteorainneacha soiléir nó níl ann dóibh ar chor ar bith i roinnt áiteanna. Bhainfeadh na háiteanna sin tairbhe as cóireáil teorann ardchaighdeáin níos leanúnaí chun an ríocht phoiblí a dhéanamh níos soiléire.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

De réir mar a thagann forbairt ar Bhaile Ghib, ba cheart na háiseanna pobail agus fóillíochta atá ann cheana féin a fheabhsú chun freastal ar riachtanais an daonra atá agus a bheidh ann. Cuirtear tailte ar fáil chun úsáidí pobail laistigh den sráidbhaile a leathnú amach tuilleadh, le taobh na n-áiseanna pobail reatha.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Féachtar sa Phlean le féiniúlacht an tsráidbhaile a threisiú agus leis an leas is mó is féidir a bhaint as na struchtúir stairiúla chun ómós áite níos láidre a thabhairt dó. Is féidir é sin a bhaint amach trí bhíthin forbairt ag an scoil shainaitheanta agus ag an gcnuasach cónaitheachta a chomhdhluthú, agus ag Foirgnimh Feirme Dhiméin Bhaile Ghib / an Limistéar Tionsclaíoch, agus trí bhíthin feabhsúcháin sa ríocht phoiblí ar feadh an tsráidbhaile, chun comhleanúnachas a chur ar chuma na háite tríd is tríd. Moltar cosáin nua do choisithe chun na háiseanna sa sráidbhaile a nascadh lena chéile, agus d'fhéadfadh sin, in éineacht le soilse comhordaithe, cuir le comhleanúnachas an tsráidbhaile ó thaobh cuma agus féiniúlachta de.

## 5.0 Cuspóirí Forbartha an tSráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

BEA GHIB 1	Oidhreacht teanga agus chultúrtha Ghaeltacht Bhaile Ghib a chur chun cinn agus a fhéiniúlacht fhisiciúil agus a ómós áite a shainmhíniú trí bhíthin gnéithe tráchtála agus cónaitheacha i lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus a threisiú, tógáil ar oidhreacht fhisiciúil Dhiméin Bhaile Ghib, as a n-ainmnítear an sráidbhaile, ar bhealach a chuirfidh feabhas ar a idirdhealaitheacht teanga agus chultúrtha, fad a dhéanfar soláthar don fhorbairt lena dtabharfar deis Baile Ghib a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, i mbun fóillíochta ann agus ag tabhairt cuairte air, fad a léireofar a idirdhealaitheacht mar Ghaeltacht.
------------	--

### Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS GHIB 1	Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a áirithiú, a mhéid agus is féidir, trí bhíthin a chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Bhaile Ghib mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS GHIB 2	Tacú le forbairt chónaitheachta ar thalamh tearc-úsáide agus/nó ar thailte fholmha, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ag ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bhaint amach.
CUS GHIB 3	Comhdhlúthú na limistéar cónaitheach atá ann cheana féin sa sráidbhaile a spreagadh
CUS GHIB 4	A éileamh go ndéanfar 'Staidéar Tionchar Teanga' sula mbreithneofar aon iarratas ar thithíocht (forbairtí tithíochta aonair agus iolracha) sa cheantar. Beidh ar staidéar den chineál sin, trí thagairt a dhéanamh dá chúlra teangeolaíochta maidir leis na húsáideoirí nó na háititheoirí beartaithe, nó trína chaidreamh le cuspóirí forbartha teangeolaíochta nó cultúrtha grúpaí a bhaineann le ceantair Ghaeltachta a fhorbairt nó grúpa a bhfuil sé de chúram orthu iad a fhorbairt a aithint, a chruthú go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar an nGaeilge a chur a chun cinn agus a úsáid mar theanga an phobail.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS GHIB 5	Ómós áite a chruthú i mBaile Ghib, trí bhíthin a fhéiniúlacht a chur chun cinn, i bhfianaise a stair mar chuid de Dhiméin Bhaile Ghib agus a fhéiniúlacht teanga.
CUS GHIB 6	Tacú le hÚdarás na Gaeltachta, le Fóram Forbartha Eacnamaíochta Ghaeltacht na Mí agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile úsáidí eacnamaíochta a fhorbairt sa cheantar Gaeltachta a bheidh inbhuanaithe agus bunaithe ar an nGaeilge.

CUS GHIB 7 Athúsáid inbhuanaithe, nuálach na struchtúr folamh atá anois ann, lena n-áirítear an clós feirme stairiúil mar fhobairt ilúsáide féideartha, a chur chun cinn. D'fhéadfadh forbairt phobail, tráchtála, turasóireachta agus chónaitheach a bheith san áireamh air sin. Athúsáid inbhuanaithe na bhfoirgneamh tionsclaíoch atá folamh faoi láthair a chur chun cinn freisin.

### Bonneagar

CUS GHIB 8 Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.

### Gluaiseacht

CUS GHIB 9 Foirmeacha iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear cosáin nua do choisithe, soilsíú poiblí agus bearta chun trácht a mhoilliú.

### An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS GHIB 10 Athúsáid oiriúnaitheach na struchtúr stairiúil sa chlós feirme a spreagadh, faoi réir ag dearadh iomchuí a bheadh ag teacht leis na struchtúr.

CUS GHIB 11 Fiosrú a dhéanamh ar iar-Ascaill Bhaile Ghib a úsáid chun cosán taitneamhachta a sholáthar a cheanglódh áiseanna na tsráidbhaile.

CUS GHIB 12 Na clampa crann suntasacha sa sráidbhaile, mar a shaináithnítear iad ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide a chosaint

### Sóisialta

CUS GHIB 12 Feabhsú úsáidí pobail agus fóillíochta sa sráidbhaile a chur chun cinn.

### Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS GHIB 13 Ómós áite a chruthú agus an tuiscint go bhfuil ceann scríbe bainte amach trí bhíthin cur leis na bealaí isteach chuig an sráidbhaile i bhfoirm feabhsúcháin ríochta poiblí, comharthaíocht agus brandáil, de réir mar is cuí.

CUS GHIB 14 Féiniúlacht sráidbhaile a chruthú trí bhíthin cosáin a chur ar fáil do choisithe !!!public the consolidated village centre to the east.

CUS GHIB 15 A chinntiú go mbeidh forbairtí nua ag teacht le fothracha na diméine stairiúla; ráillí, patrúin garraithe agus fála, agus a chinntiú go gcosnófar carachtar tuaithe foriomlán an tsráidbhaile trí bhíthin forbairt ísealdlúis a dhéanamh sa limistéar forbartha, mar mhalairt rogha ar thithe aonair aonuaire.

CUS GHIB 16 A chinntiú go gcloífídh gach forbairt nua le scála, foirm, carachtar agus féiniúlacht chultúrtha an tsráidbhaile.